DDRÉACHTPHLEAN FORBARTHA CONTAE CHIARRAÍ 2022-2028

# CAIBIDIL 2

# ATHRÚ AERÁIDE AGUS TODHCHAÍ INMHARTHANA A BHAINT AMACH



**2.0 Athrú Aeráide agus Todhchaí Inmharthana a bhaint amach**
**2.1 Réamhrá**
**2.2 Athrú Aeráide**
**2.3 Comhthéacs Pleanála**
**2.3.1 An tAcht (Leasú) Pleanáil agus Forbairt 2000**
**2.3.2 Polasaí Náisiúnta – Comhthéacs agus Léargas**
**2.3.3 An tAcht (Leasú) um Ghníomh Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2021**
**2.3.4 An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF 2018)**
**2.3.5 Treoracha don bhForbairt Straitéis Oiriúnaithe Údaráis Áitiúil (2018)**
**2.3.6 An Plean Gníomhaíocht um Athrú Aeráide (2019)**
**2.3.7 Tionscadal Éireann 2040**
**2.3.8 Clár Rialtais**
**2.4 Comhthéacs Réigiúnach**
**2.4.1 Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt (RSES)**
**2.5 Comhthéacs Áitiúil**
**2.5.1 Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Contae Chiarraí 2019-2024**
**2.6 Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – Gníomh Aeráide**
**2.6.1 Úsáid Inmharthana Talún agus Éifeacht Acmhainní**
**2.6.2 Úsáid Inmharthana Talún agus Dícharbónú**
**2.6.2.1 Trasnú go dtí Geilleagar agus Sochaí Carbón Neodrach**
**2.6.2.2 Polasaí agus Pleanáil Fuinnimh**
**2.6.3 Úsáid Inmharthana Talún agus Athléimneach Aeráide**
**2.6.4 Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus Oiriúnaithe a cuireadh isteach sa Phlean**

## 2.0 Athrú Aeráide & Todhchaí Inmharthana a bhaint amach

### 2.1 Réamhrá

Sa chaibidl seo leagtar amach na prionsabail leathana chun forbairt inmharthana Chontae Chiarraí a sholáthar ar bhonn a thacóidh le daoine agus fostaíocht, ach san am gcéanna beifear ag aistriú go dtí caidreamh carbón íseal chun an comhshaol a chosaint is a fheabhsú. Míníodh é sin cheana féin i gCaibidil a hAon (Réamhrá). Cuireadh isteach sa phlean na prionsabail um fhorbairt inmharthana agus san áireamh bhí na Spriocanna Inmharthanachta NA ar son todhchaí inmharthana do chách.

### 2.2 Athrú Aeráide

Maidir le hathrú aeráide cuimsítear athruthe móra sa teocht, báisteach nó patrúin ghaoithe a dtagann athrú orthu thar scata maith deich mbliana nó nios sia. Dúshlán suntasach do chách is ea an t-athrú aeráide. Aithnítear go forleathan go bhfuil téamh domhanda ag cur leis an athrú aeráide agus go bhfuil baint aige sin go léir le gníomhaíocht an chine daonna. Aithníonn an Chomhairle gur bagairt domhanda ina bhfuil torthaí áitiúla is ea Athrú Aeráide. Muna ndeintear rud éigin faoi cuirfidh sé isteach go hollmhór ar bhonn diúltach ar shaol na ndaoine, an comhshaol agus an todhchaí don bhfás agus forbairt.

Cé go bhfuil neamhchinnteacht thar ar mhéid agus réimse tionchar an athrú aeráide, díríonn an Chomhairle ar an athrú aeráide a bhainistiú ar bhonn an-ghníomhach ar fad trí smaoineamh go cúramach ar pholasaí treorach agus straitéisí. Dá réir sin níor mhór plé leis na torthaí fadtéarmacha trí astaíochta gáis cheaptha teasa (GHG) (maolú), agus san am gcéanna dul i dtaithí ar an dtionchar acu thar tréimhsí gearra, meánacha agus níos faide (oiriúnú).

Beidh dúshláin roimh Chiarraí agus tír na hÉireann ar fad maidir le freagairt don athrú aeráide idir seo agus an bhliain 2030 agus ina dhiaidh sin go 2050. Bíonn deiseanna ann freisin, go háirithe maidir le comhfhorbairt áite agus fuinneamh ar an bhfairsinge (tógáil agus freastal air sin agus an mianach atá ann do theicneolaíochtaí 'glasa' agus forbairt tionsclaíoch).

### 2.3 Comhthéacs Pleanála

#### 2.3.1 An tAcht (Leasú) Pleanáil agus Forbairt 2000

Lorgaíonn na hAchtanna (Leasú) Pleanáil agus Forbairt 2000 pleananna éagsúla do chuspóirí, san áireamh iad siúd a bhaineann le maolú agus oiriúnú. Leagtar amach forálacha don athrú aeráide laistigh de Alt 10 (2) (n). cuimsítear na riachtanais seo a leanas:

- fuinneamh a laghdú mar fhreagra ar mhéadú fuinnimh, maraon le costais eile a leanann titim sa bhfadtéarma ar acmhainní neamhinathnuaite.
- astuithe ceaptha teasa antrapaigineach a sheachaint, agus
- déileáil leis an ngá atá le hathrú aeráide; go mórmhór maidir le láthair, leagan amach agus dearadh forbairt nua. Anuas air sin bíonn dualgas reachtúil ar údaráis áitiúla lonnaíochtaí inmharthana agus straitéisí iompair i gceantair thuaithe agus uirbeacha a chuimsiú is a chur chun cinn.

#### 2.3.2 Polasaí Náisiúnta – Comhthéacs agus Léargas

Forbraíodh An Comhthéacs Polasaí Náisiúnta ó Pholasaithe agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta agus Eorpacha um Athrú Aeráide, san áireamh bhí Creat Comhthionól NA ar Athrú Aeráide, Dréachtchonradh *Kyoto* 1997, An Straitéis Oiriúnaithe AE 2013, Comhaontú Phárais 2015, Na Spriocanna Forbartha Inmharthana AE (SDG) 2015, Creat Aeráide agus Fuinnimh AE 2021-2030 agus an 'Conradh Glas' Eorpach 2020.

Ar bhonn náisiúnta, leagadh amach sa Pholasaí Náisiúnta um Ghníomh Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (2014) an cuspóir náisiúnta go mbainfí amach trasnú go dtí geilleagar ísealcharbóin. Cuireadh éifeacht reachtúil leis sin trín Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2015. Sa phlean ligeadh do Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe a fhorbairt (NAF) agus don Phlean Gníomhú Aeráide 2019. Éilíonn an NAF go

bhforbraítear straitéisí earnála agus oiriúnu áitiúla agus is sa chomhthéacs úd a leagtar amach An Straitéis Oiriúnú Aeráide na Comhairle. Cuireann an Plean Gníomhú Aeráide (2019) conair dícharbónú ag feidhmiú go 2030 agus glacadh le heaspa astaithe carbóin ag leibhéal AE faoin mbliain 2050. Tá cuntas ar an bPolasaí Reatha Náisiunta san Acht (Leasú) um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2021.

### 2.3.3 An tAcht um Ghníomhú Aeráide Forbairt Ísealcharbóin 2021

Ligeann an tAcht do chuspóir náisiúnta aeráide agus é mar sprioc torthaí a bhaint amach sa bhliain 2050 ar a laghad, cuspóir náisiúnta aeráide, saibhreas bithéagsúlachta, comhshaol inmharthana agus geilleagar a bheidh beag beann ar an aeráid. Dá bhrí sin tá Éire anois ag dul i dtreo conair mar nach mbeidh astaithe ar bith sa bhliain 2050 ar a laghad, agus laghdú 51% faoi dheireadh na deich mbliana atá le teacht.

Faoin Acht caithfidh údaráis áitiúla Pleananna Gníomhú Aeráide a ullmhú is a uasdátú tar éis cúig bliana agus bearta idir mhaolú agus oiriúnú a chur i gcrích. Éilíonn an tAcht feisin go mbeidh Pleananna Forbartha Údarás Áitiúla ag teacht leis an bPlean um Ghníomhú Aeráide agus go ginearálta go gcaithfidh comhlachtaí poiblí ceann a thógaint de na Pleananna um Ghníomhú Aeráide agus a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích.
Tá sé mar chuspóir ag an bplean seo tacú le Plean um Ghníomhú Aeráide a bhainfidh go speisialta le Comhairle Contae Chiarraí.

### 2.3.4 An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF 2018)

Míníonn An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe (NAF 2018) an straitéis náisiúnta do bhearta difriúla a chur i gcrích in earnála éagsúla agus ag údaráis áitiúla ina gceantair riaracháin féin, chun leochaileacht an Stáit a laghdú maidir le tionchar diúltach athrú aeráide agus chun leas a bhaint as torthaí dearfach a tharlódh. Gníomh lárnach faoin NAF is ea gach údarás áitiúil sa tír ag ullmhú straitéis oiriúnú don aeráid áitiúil, tá sé sin déanta ag KCC 2019. Díríonn an NAF freisin ar an oiriúnú a fheabhsú trí phlé leis an bpobal sibhialta, an earnáil phríobháideach agus an pobail taighde.

### 2.3.5 Treoracha don bhForbairt Straitéis Oiriúnaithe Údaráis Áitiúil (2018)

D'fhorbair An Roinn Cumarsáide, Ghníomhú Aeráide agus Comhshaoil (DCCAE) na Treoracha Forbairt Straitéis Oiriúnaithe Údaráis Áitiúil 2018 chun tacú le húdaráis áitiúla is iad ag forbairt a gcuid Pleananna un Ghníomhú Athrú Aeráide (CCAP). Anuas air sin, bhunaigh an rilatas ceithre cinn d'Oifigí Réigiúnacha Athrú Aeráide (CARO). Maidir le Contae Chiarraí bíonn ról lárnach ag an oifig Atlantach Cladaigh Theas ag tacú le gnímh aeráide sa Chontae agus ag comhordú a leithéid.

### 2.3.6 An Plean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide (2019)

Bhunaigh An Plean Náisiúnta Gníomhú Aeráide 2019 conair dícharbónú go 2030 ag teacht leis an sprioc mar nach mbeidh astaithe ar bith ag leibhéal AE sa bhliain 2050. Bhunaigh an Plean um Ghníomhú Aeráide gnímh pholasaí chun nach mbeidh astaithe carbóin ar bith i measc an phobail. Dírítear ar athrú mór iomlán maidir lenár ngeilleagar agus pobail i dtreo athléimneacht agus forbairt inmharthana maraon le hathrú ollmhór sna nósanna is cleachtais a bhíonn againn inár saol laethúil sa lá atá inniu ann.

Sa phlean úd leagtar amach, de réir na Spriocanna AE Forbairt Inmharthana, go gcaithfear plé le hathrú aeráide mar a bheith comhlántach do chuspóirí eile tábhachtacha mar chonairí forbairt inmharthana geilleagar a chur chun cinn, slándáil fuinnimh a fheabhsú agus dul i ngleic le tionchar truailliú an aeir ar shláinte an duine. Móran de na hathruithe molta, beidh siad ag dul i bhfeidhm go dearfach ar gheilleagar agus sochaí, mar shampla aer níos glaine, tithe níos teo agus geilleagar níos inmharthana sa bhfadtéarma. Meastar go bhfoilseofar Plean Nua um Ghníomhú Aeráide 2021 mí Dheireadh Fómhair 2021 ag éirí as an tAcht (Leasú) um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin 2021.

### 2.3.7 Tionscadal Éireann 2040

Tá dhá phlean náisiúnta faoi stiúir Tionscnamh Éireann 2040 – An Creat Náisiúnta Pleanála agus An Plean Forbartha Náisiúnta. Cinntítear trí thorthaí straitéiseacha An Chreat Náisiúnta Pleanála maidir le Trasnú go

dtí Sochaí Athléimneach Aeráide agus Íosealcharbóin (NSO 8), Fás Dlúth (NSO 1), Gluaiseacht Inmharthana (NSO 4), Bainistiú Inmharthana Uisce, Dramhaíl agus Acmhainní eile Comhshaoil (NSO 9) go mbíonn gnímh aeráide lonnaithe go dlúth sa phleanáil spasúil. Ar an gcuma san beidh trasnú náisiúnta go dtí geilleagar iomaíoch ar charbón íseal chun plé le déine carbóin *per capita* atá ró-ard, aeráid athléimneach agus éascú geilleagar inmharthana comhshaoil faoin mbliain 2050.

### 2.3.8 Clár Rialtais

San Clár Rialtais 2020 dírítear go mór ar ghníomhú aeráide agus san áireamh tá tiomantas na n-astuithe ceaptha teasa a laghdú faoi ar an meán 7% in aghaidh bliana go ceann na deich mbliana atá romhainn amach. Tabharfaidh an Rialtas dáileadh 10% den bhuiséad iomlán caipitiúil do thionscnaimh rothaíochta agus 10% den bhuiséad iomlán caipitiúil do bhonneagar coisithe. Socrófar tiomantas an Rialtais do thionscnaimh rothaíochta agus coisithe mar 20% den bhuiséad caipitil 2020 (€360 milliún) in aghaidh bliana go ceann tréimhse an Rialtais. Maidir le bonneagar nua iompair, tá an rialtas tiomanta do chaiteachas i gcóimheas 2:1 idir bhonneagar nua iompair phoiblí agus bóithre nua sa tréimhse céanna. Coimeádfaidh an Rialtas an cóimheas céanna i ngach aon Bhuiséad.

## 2.4 Comhthéacs Réigiúnach

### 2.4.1 Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiun an Deiscirt (RSES)

Leagann Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt béim lárnach ar ghníomhú aeráide, is é an t-athrú aeráide an bhagairt is mó do shaol an duine agus an comhshaol. Aithnítear trí réimse tosaíochtaí mar ghníomhú chun plé le hathrú aeráide agus trasnú go geilleagar agus sochaí ísealcharbóin:

- Dícharbónú
- Éifeachtacht acmhainní
- Athléimneacht aeráide

## 2.5 Comhthéacs Áitiúil

### 2.5.1 Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Chontae Chiarraí 2019-2024

Leagtar amach i Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Contae Chiarraí (2019) creat gnímh agus bearta a bheidh i gceist chun cur le hoiriúnú i ngach aon ghné de na freagrachtaí atá ar Chomhairle Contae Chiarraí.
Bunaítear an straitéis seo thart ar sé cinn de spriocanna téamaí atá lárnach sa phlean. Roghnaíodh na téamaí seo a leanas i ndréachtadh polasaí agus sna cuspóirí is téamaí a chuimsítear ar feadh an phlean. Is iad seo na Spriocanna Téamaí a leagtar amach i Straitéis Oiriúnaithe Aeráide KCC 2019-2024:

1. Rialú Oiriúnú Áitiúil agus Oibríochtaí Gnó
2. Bonneagar agus an Comhshaol Tógtha
3. Úsáid agus Forbairt na Talún
4. Draenáil agus Bainistiú Tuilte
5. Acmhainní Nádúrtha agus Bonneagar Cultúrtha
6. Sláinte agus Leas an Phobail



Cuireann an plean seo le "hiomlánú" polasaí pleanála um ghníomhú aeráide trí pholasaí agus cuspóirí a thacaíonn le gníomhú aeráide ach trí phleanáil spásúil agus fisiciúil freisin. Beidh gá go speisialta le forbairt a thacaíonn le tionscadail áitiúla iompair, bonneagar a sholáthar idir gorm agus glas, zónáil/forbairt tailte cuí i láithreacha uirbeacha agus déileáil le ceisteanna tuilte. Ach na topaicí sin a chur le chéile idir phleananna agus roghanna cuí a phiocadh amach beifear ag freagairt de réir a cheile don athrú aeráide idir áitiúil, réigiúnach is náisiúnta agus ar deireadh beidh freagra náisiúnta ann don athrú aeráide. Caithfear roghanna don Chontae a bhailiú maidir le forbairt is úsáid na talún, anuas air sin níor mhór pleanáil polasaí chun cabhrú le cinntí faoi bhonneagar. Ar deireadh thiar tacaíonn polasaí um athrú aeráide le fás daonra ar bhonn dlúth, ceangailte agus inmharthana nach bhfuil chomh dian ó thaobh iompair de trí fheabhas a chur ar phleanáil, obair scoite agus sa bhaile maraon le bogadh módúil go dtí iompar poiblí.

Is fiú ceann a thógaint den bhfíric go n-aithníonn an plean seo an tábhacht a bhaineann le bithéagsúlacht agus caomhnú an nádúir mar mhodhanna chun athrú aeráide a mhaolú agus teacht isteach air. Agus nósanna idirnáisiúnta agus náisiúnta ag léiriú titim sa bhithéagsúlacht, tá an plean seo ag iarraidh bithéagsúlacht a chosaint is a fheabhsú sa chontae. Is iad freagraí bunaithe ar an nádúr a sholáthraíonn ilfheidhmeanna/comhbhuntáistí atá laistiar de mhóran freagraí ar dhúshlán an athrú aeráide.

## 2.6 Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2022-2028 – Gníomh Aeráide

Tá Plean Forbartha Chontae Chiarraí mar chuid tábhachtach den bhFreagra ar Ghnímh Aeráide i gContae Chiarraí. Ag éirí as sin, beireann an plean na trí réimsí práinneacha tosaíochta do ghnímh a míníodh san RSES do Réigiún an Deiscirt: Dícharbónú, Éifeachtacht acmhainní agus athléimneacht Aeráide. Cuimhníonn an Plean Forbartha Chontae freisin ar na riachtanais maidir le hastuithe carbóin a laghdú mar atá san Acht (Leasú) Aeráid agus Gníomh agus Forbairt Íseal Carbóin 2021.

### 2.6.1 Úsáid Inmharthana Talún agus Éifeacht Acmhainní

Tá saibhreas i gContae Chiarraí ó thaobh caipitil agus acmhainní de, san áireamh tá tailte, ithir, uisce, aer glan, iomláine, fuinneamh gaoithe idir thrá agus farraige. Chun ligean d'fhorbairt inmharthana caithfear na hacmhainní úd a úsáid go héifeachtach. Mar an doiciméad pleanála um úsáid straitéiseach talún míníonn Plean Forbartha Chontae Chiarraí an creat atá ann don bhforbairt inmharthana sa Chontae, de réir Spriocanna AE Inmharthanachta maraon le Treoir Náisiúnta agus Réigiúnach.

Maidir le freastal ar dhaonra, fás eacnamaíoch, dul i dtreo foinsí eile fuinnimh agus sochaí ísealcharbóín, is é is dóichí ná go mbeidh éileamh ar thalamh agus bithfhuinnimh, bainistiú dramhaíola, táirgeadh bia, foraoiseacht agus seirbhísí eile tailte. Anuas air sin go léir beifear ag lorg tithe, scoileanna agus áiseanna eile. Caithfear acmhainní tailte a bhainistiú go cúramach trí athúsáid suímh nach bhfuil gá leo a thuilleadh don úsáid a bhí le baint astu ar dtús (tailte athfhorbraíochta) agus a chinntiú go gcosnaítear is go maisítear an timpeallacht nuair is gá. Is í an inmharthanacht a bheidh mar bhonn faoin bhforbairt tailte úrnua. Leathnófar lonnaíochtaí de ghnáth ón lár amach agus tacófar leo trí leibhéal cuí bonneagar agus seirbhísí.

Tá Contae Chiarraí ag teacht chun cinn maidir le forbairt mar gheilleagar ciorclach agus bithgheilleagar mar a gcoimeádtar luach táirgí, ábhair agus acmhainní chomh fada agus is féidir chun dramhaíl a laghdú nó fáil réidh léi. Níor mhór a bheith i bhfad níos éifeachtaí maidir le hamhábhair, fuinneamh, uisce, spás agus bia trí acmhainní nádúrtha a athúsáid nuair is féidir.

Baineann an cur chuige seo don gheilleagar ciorclach go mór freisin le bainistiú talún. Beidh forbairt tailte inlíonta agus athúsáid tailte athfhorbraíochta ag cur le dlús na lonnaíochtaí atá cheana féin ann, ligfear don chomhúsáid, deiseanna ar thaisteal cliste (siúlóid/rothaíocht) agus iompar poiblí. Baineann a leithéid de chur chuige go mór le leas mar is cóir a bhaint as talamh uirbeach mar a mbíonn seirbhísí is cabhraítear leis an athnuachan uirbeach.

Sa bithgheilleagar cuimsítear acmhainní inathnuaite agus iad á n-iompó isteach i mbia, beathú, táirgí bithbhunaithe agus bithfhuinnimh. Cuimsítear talmhaíocht, foraoiseacht, iascaigh, bia, laíon agus táirgí páipéir, codanna ó thionscail cheimiceach, biththeicneolaíochta agus fuinnimh. Sna hearnála seo tá mianach nuála chun tacú le trasnú na hÉireann go dtí geilleagar ísealcharbóin comhtháite.

### 2.6.2 Úsáid Inmharthana Talún agus Dícharbónú

Tá sé mar chuspóir ag an RSES Réigiún an Deiscirt Plean Réigiúnach Dícharbónaithe a fhorbairt chun ligean do chreat gnímh ar dhícharbónú thar na hearnála go léir. Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí lena leithéid de phlean a ullmhú agus le dícharbónú sa réigiún.

#### 2.6.2.1 Trasnú go dtí Geilleagar agus Sochaí Carbón Neodrach

Éileoidh an trasnú go dtí fuinneamh ísealcharbóin réimse leathan freagraí ar fud na n-earnála poiblí agus príobháideach agus i measc an phobail maidir le húsáid fuinnimh sa bhaile, san obair agus ag taisteal. Mar bhunús faoin méid seo go léir beidh aistriú go dtí patrúin lonnaíochta atá níos inmharthana. Díreofar ar fhás dlúth bailte is sráidbhailte, lonnaíochtaí, iompar inmharthana agus díreofar ar láithreacha forbartha in áiteanna inmharthana a bhéarfaidh leas bunúsach go dtí an maolú athrú aeráide.

Éascóidh an Chomhairle creat a sholáthar agus oibreoidh leis na páirtithe leasmhara ar fad faoi ghníomhaíocht um dhícharbónú ar fud na n-earnála ar fad, san áireamh beidh talmhaíocht, iompar, leictreachas agus an timpeallacht thógtha. Tá sé mar pholasaí ag an gComhairle Zó(i)n Dícharbónú a aithint, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Oibreoidh an Chomhairle le Mol Cruthaitheacht agus Nuála Daingean Uí Chúis chun Daingean Uí Chúis a bhrú ar aghaidh mar zón dícharbónaithe don chontae. Ina dhiaidh sin beidh sé mar pholasaí ag an gComhairle an fhoghlaim a d'eascair as an scéim píolótach úd a aistriú go dtí ceantair eile sa chontae. Éascóidh an Chomhairle, i dteannta páirtithe eile leasmhara, an ghiniúint fuinnimh ísealcharbóin chomh maith le fuinneamh agus teicneolaíochtaí inathnuaite (leictreachas agus teas). Tacóidh an plean le tionscnaimh agus gnímh a chuirfidh le spáráil fuinnimh inathnuaite.

Díríonn an plean seo ar thacú leis an úsáid bhreise modhanna inmharthana iompair, cuimsiú pleanáil spásúil le pleanáil iompair, feabhsú ar inrochtaineacht idir chontae agus réigiún, an trasnú go dtí córas sábháilte, éifeachtach, éifeachtúil agus ceangailte laistigh de Chontae Chiarraí. Dúshlán mór don tír seo agus go deimhin do Chiarraí is ea astaíochtaí carbóin GHG san earnáil iompair. Sin toisc go bhfuil patrún traidisiúnta scaipthe lonnaíochtaí againn agus dlús íseal daonra. Bíonn a leithéid mar bhac i gcontae tuaithe mar Chiarraí is dá dheasca san bíonn an-chuid turais le déanamh i gcarr príobháideach agus/nó toisc easpa iompair phoiblí nó córas éigin eile gníomhach mar rogha. Tá sé mar chuspóir ag an bplean seo tús áite a thabhairt d'fhorbairtí suímh inlíonta agus athfhorbraíochta chun cur le fás dlúth lonnaíochtaí maraon le tús áite a thabhairt do mhodhanna gníomhacha iompair, 78
cuimsiú pleanáil úsáid na talún agus soláthar iompair.

Aithneoidh an chomhairle freisin bearta a aithníodh san *Ag Climatise 2020* ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Muirí maidir le laghdú GHG san earnáil talmhaíochta, dícharbónú foinsí fuinnimh, gabháil agus stóráil maraon le feabhsú ar bhainistíocht charbóin, leasú agus ithir.

#### 2.6.2.2 Polasaí agus Pleanáil Fuinnimh

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí gur cuid lárnach de straitéis athrú aeráide na hÉireann is ea an trasnú go dtí geilleagar ísealcharbóin agus go mbíonn fuinneamh inathnuaite mar chuid lárnach den laghdú ar bhrath ar bhreosla iontaise. Go háirithe, dúshláin suntasacha roimh thábhacht an phlean seo is ea dícharbónú na n-earnála teasa agus iompair.

Is iad príomhfhoinsí an fhuinnimh inathnuaite ná an ghrian (fuinneamh na gréine), gaoth, gluaiseacht uisce (hidrachumhacht, tonnta agus fuinneamh taoide), teas faoi bhun dromchla na talún (fuinneamh geoiteirmeach) agus bithmhais (adhmad, bia, dramhaíl, barra fuinnimh agus bithghás).

Aithnítear spriocanna don bhfuinneamh inathnuaite. Go dtí seo tá saothar suntasach déanta i gCiarraí lena chinntiú go n-aithnítear na spriocanna úd maidir le forbairtí um fhuinneamh gaoithe atá tógtha agus ceadaithe sa Chontae. I gCaibidil 12 den phlean seo tá polasaí sonraithe maidir le fuinneamh inathnuaite agus san áireamh tá micrighiniúint inathnuaite agus comhairle pobail. Anuas air sin, éascaíonn an plean moltaí fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus tionscal `glas' gaolmhar.

### 2.6.3 Úsáid Inmnharthana Talún agus Athléimneach Aeráide

Sa Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe leagtar amach cur chuige iomlán chun teacht aniar aeráide a fhorbairt. Iarrann an t-oiriúnú aeráide ar leochaileacht ár gcomhshaol, sochaí agus geilleagar a laghdú. Laistigh de chomhthéacs an phlean seo tugtar tús áite do bhonneagar criticiúil, stiúradh acmhainní uisce agus baol tuilte. Cuireann an RSES Réigiún an Deiscirt san áireamh go bhfuil tábhacht ag baint le bearta a thacóidh le bainistiú baol tuilte mar ghníomh chun cur le teacht aniar in aghaidh Athrú Aeráide.

Is léir go mbeidh minicíocht, patrún agus géire tuilte ag méadú de dheasca athrú aeráide, beidh níos mó neamhchinnteacht agus damáiste. D'fhéadfaí cur isteach go mór ar thuilte sa bhfadtéarma, mar shampla ardleibhéil sa bhfarraige agus geimhridh níos fliuchánta, stoirmeacha báistí agus méadú ar stoirmeacha a chuirfeadh le minicíocht agus déine na dtuilte. Chun plé leis an gceist úd, géillfidh an Chomhairle d'fhorálacha atá sna "Treoracha don Chóras Pleanála agus Bainistiú Baol Tuilte" trína chinntiú go gcuirtear baol tuilte san áireamh i gcónaí agus pleananna forbartha nó ceantar áitiúla á n-ullmhú maraon le measúnú ar iarratais phleanála.

Aithníonn an plean freisin go bhféadfadh an t-athrú aeráide brú breise a chur ar bhonneagar criticiúil atá cheana féin ann mar dhroichid nó cosaint eile a bheadh leochaileach maidir le heachtraí móra aimsire. Tá mórán eolas bréise faoin mbaol tuilte sa Chaibidil Comhshaoil agus na Treoracha Bainistiú Forbartha. Tharla Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte don phlean seo agus tá sé sin laistigh den Imleabhar 5.

### 2.6.4 Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus Oiriúnaithe a cuireadh isteach sa Phlean

Straitéisí tábhachtacha is ea maolú agus oiriúnú maidir le freagairt don athrú aeráide agus tá ról ag pleanáil don úsáid talún sa dá rud. Baineann maolú le cúiseanna atá leis an athrú aeráide agus oibrítear chun éifeachtaí déanta ag an duine a mhaolú trí astuithe ceaptha teasa a laghdú, fuinneamh inathnuaite a úsáid, éifeacht fuinnimh a mhéadú agus bogadh ar aghaidh go dtí geilleagar ar charbón íseal. Pléann oiriúnú le gnímh déanta chun éifeachtaí diúltacha athrú aeráide a laghdú nó le deis a thapú maidir le smaointe ag teacht chun cinn.

**Ar na bearta maolaithe atá sa phlean seo tá an méid seo a leanas:**

- Úsáid talún agus pleanáil iompair a thabhairt le chéile
- Fás dlúth a sholáthar
- An cur chuige seachain aistrigh feabhsú a sheachaint i bpolasaí iompair
- An coincheap baile 10-neomat a sholáthar
- Éifeacht fuinnimh a chur chun cinn
- Athchumhacht feirmeacha gaoithe a chur chun cinn chomh maith le teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite, tionscail agus fiontair nua
- Bithéagsúlacht a fheabhsú is a chosaint
- Obair chliste/cianobair a éascú
- Feasacht ar athrú aeráide agus athrú iompair a chur chun cinn
- Tús áite a thabhairt don athrú aeráide nuair a thógtar cinntí

**Cuimseofar na bearta oiriúnaithe seo a leanas sa phlean seo:**

- Bainisitú baol tuilte
- Córais bunaithe ar an nádúr a chur chun cinn sna seirbhísí bainistiú uisce
- Bonneagar glas agus bithéagsúlacht a mhaisiú is a chosaint
- Gnímh aeráide a chur chun cinn trí dhearadh ar ardchaighdeán, san áireamh bheadh comhfhorbairt áite agus an ríocht phoiblí (mar shampla scáth, dídean agus pointí lódála EV).

| **Athrú Aeráide & Todhchaí Inmharthana**<br>**Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:** | |
|---|---|
| **KCDP 2-1** | Tacú le Spriocanna Forbartha Inmharthana AE (SDG) agus iad a fheidhmiú, an Straitéis NPF freisin agus Cuspóirí Straitéis agus Polasaí Náisiúnta (NPO) faoin inmharthanacht maraon le Ráitis Straitéiseacha RSES nuair is cuí. |
| **KCDP 2-2** | Éascú agus tacú le cuspóirí athrú aeráide mar atá sa Phlean Gníomhaíocht um Athrú Aeráide 2019 agus na gnímh atá sa Straitéis Oiriúnaithe Aeráide KCC 2019-2024 agus straitéisí ina dhiaidh sin. |
| **KCDP 2-3** | Forbairt Phlean Dícharbónú Réigiúnach a bhunú chun creat a sholáthar don dícharbónú ar fud na n-earnála ar fad mar thionscadal píolótach ar ghníomhaíocht, tacú leis an Zón Dícharbónú Daingean Uí Chúis agus breis Zón um Dhícharbónú a aithint is a fhorbairt laistigh den Chontae. |
| **KCDP 2-4** | Tacú le bearta a chuirfidh i gcoinne athrú aeráide trí phlé le laghdú tionchair, cumas oiriúnaithe, feasacht a mhéadú, réitigh bunaithe ar an nádúr a sholáthar agus pleanáil i gcás práinne. |
| **KCDP 2-5** | Tacú le pobail inmharthana is iad a fhorbairt maraon le bheith mar chontae iomaíoch a chuireann go mór le sláinte agus leas daoine agus áiteanna. |
| **KCDP 2-6** | Fiontair a chruthaíonn is a fhostaíonn teicneolaíochtaí glasa a chur chun cinn agus tacú leo. |
| **KCDP 2-7** | Tacú le fiontair shóisialta agus an geilleagar ciorclach laistigh de phobail áitiúla ar son leas don chosaint comhshaoil, cruthú fostaíochta agus forbairt pobail. |
| **KCDP 2-8** | Tacú leis an ngeilleagar ciorclach agus bithgheilleagar, san áireamh feabhsófar bainistiú talún, acmhainní inathnuaite agus slabhraí inmharthana soláthair. |
| **KCDP 2-9** | Earnáil talmhaíochta níos inmharthanaí a chur chun cinn is na bearta agus cuspóirí comhshaoil a bheidh sa Straitéis Polasaí Comónta Talmhaíochta d'Éirinn, Ag Climatise 2020 – an léarscáil Náisiunta Aeráid agus Aer don earnáil talmhaíochta a chur chun cinn. |
| **KCDP 2-10** | Tacú le réitigh bunaithe ar an nádúr mar réiteach ar dhúshláin athrú aeráide maraon le tionscadail a dhírítear ar charbón a choimeád san ithir, scarúint agus stóras. |
| **KCDP 2-11** | Éifeachtacht agus inmharthanacht iompair a fheabhsú agus san áireamh beidh feabhsú agus leathnú ar an iompar poiblí, leordhóthain bonneagar siúlóide agus rothaíochta, feabhas ar bhainistiú tráchta agus tús áite do bhusanna. |
| **KCDP 2-12** | Tacú le hinfheistíocht i bhforbairt inmharthana áiseanna chun Feithiclí Leictreacha a lódáil agus bonneagar lódála a bhreith isteach laistigh d'fhorbairtí cónaithe, tráchtála agus úsáid mheasctha. |

| | |
|---|---|
| **KCDP 2-13** | Caomhnú fuinnimh a chur chun cinn maraon le héifeachtacht fuinnimh agus úsáid foinsí fuinnimh inathnuaite i bhfoirgintí atá cheana féin ann, san áireamh beidh aischóiriú ar bhearta éifeachtach fuinnimh sa stoc tithíochta atá cheana féin ann, maraon le héifeachtacht fuinnimh i bhfoirgnimh traidisiúnta agus tionscadail chun caighdeáin Foirgnimh um Fhuinneamh Gar don Zero (NZEB) de réir An Treoir Feidhmiú Fuinnimh i bhFoirgintí (EPBD). |